



## Teagascóirí Gaeilge á lorg ag Coláiste Hibernia

Tá Coláiste Hibernia aitheanta mar cheannródaí in earnáil an oideachais, go háirithe maidir leis an teicneolaíocht a úsáid chun cúrsaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach nuálach.

Tá teagascóirí Gaeilge á lorg ag an gColáiste le dul i mbun oibre ar an Máistreacht Ghairmiúil sa Bhunoideachas. Is cúrsa dhá bhliain í seo atá ag leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí agus cuirtear an cúrsa ar fáil tríd an bhfoghlaim chumaisc, is é sin, meascán den fhoghlaim ar líne agus den fhoghlaim ar an láthair. Tá sé mar aidhm sa Mháistreacht Ghairmiúil sa Bhunoideachas na scileanna agus an saineolas a thabhairt dár gcuid mac léinn le cur ar a gcumas feidhmiú go han-inniúil mar mhúinteoirí agus mar cheannairí in earnáil an bhunoideachais.

Tá painéal múinteoirí ag an gColáiste atá ag obair in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus tá suim faoi leith againn cur le painéal na dteagascóirí Gaeilge faoi láthair. Obair pháirtaimseartha atá i gceist a oireann go maith do dhaoine a bhfuil post lánaimseartha acu ach ar mian leo obair bhreise a thógáil ar lámh agus tionchar dearfach a imirt ar ghlúin nua múinteoirí. Is féidir le teagascóirí go leor den obair sin a dhéanamh ó bhaile fad is go bhfuil ceangal láidir acu leis an idirlíon.

Déanann teagascóirí Gaeilge Choláiste Hibernia ranganna teagaisc ar líne a mhúineadh go tráthrialta, um thráthnóna de ghnáth. Ina chuideachta sin, bíonn na teagascóirí i mbun laethanta ar an láthair in ionaid éagsúla ar fud na tíre ó am go chéile. Reáchtáiltear na laethanta ar an láthair ar an Satharn, go hiondúil.

Cuireann Coláiste Hibernia an t-ábhar teagaisc uile ar fáil i gcomhair ranganna, mar sin ní gá do mhúinteoirí an t-ábhar sin a réiteach. Cuirtear treoir agus oiliúint chuimsitheach ar fáil freisin.

Is gá go mbeadh na tréithe, na scileanna agus na cáilíochtaí seo a leanas ag iarrthóirí:

- ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge;
- taithí mar mhúinteoir Gaeilge;
- cáilíocht aitheanta ag leibhéal 9 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí;
- sárscileanna idirphearsanta;
- sárscileanna teicniúla.

Ba bhuntáiste iad na critéir seo a leanas:

- cáilíocht aitheanta sa Ghaeilge nó sa mhúinteoireacht;
- taithí ar dhaoine fásta a mhúineadh;
- taithí ar an teagasc ar líne;
- suim i litríocht na Gaeilge;
- eolas cuimsitheach ar earnáil an bhunoideachais in Éirinn.

Más spéis leatsa dul i mbun oibre mar theagascóir Gaeilge le Coláiste Hibernia, comhlánaigh an fhoirm iarratais ar líne [anseo](#).